An Chomhairle Eorpach

**An Bhruiséil, 18 Nollaig 2015**
**(OR. en)**

**EUCO 28/15**

**CO EUR 13**
**CONCL 5**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Cruinniú den Chomhairle Eorpach (17 agus 18 Nollaig 2015) – Conclúidí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach ag an gcruinniú thuasluaite.

## I. AN IMIRCE

1. Tá straitéis forbartha ag an gComhairle Eorpach le roinnt míonna anuas arb é an aidhm atá aici srian a chur leis an sreabhadh imirce atá mar dhúshlán roimh an Eoraip agus nach bhfacthas a iontamhail riamh. Níl cur chun feidhme na straitéise sin maith go leor, áfach, agus ní mór dlús a chur leis. Ní mór rialú na dteorainneacha seachtracha a athghabháil chun a chinntiú go mairfidh Schengen slán. Ní mór aghaidh a thabhairt go pras ar na heasnaimh atá ann, go mór mór maidir le teophointí, maidir le hathlonnú agus maidir le daoine a chur ar ais. Ní mór d'institiúidí an Aontais agus do na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh mar ábhar práinne:

   a) aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh ag teorainneacha seachtracha Schengen, go háirithe trí sheiceálacha córasacha slándála leis na bunachair sonraí is ábhartha a áirithiú, agus calaois doiciméad a chosc;

   b) friotháil ar na heasnaimh i bhfeidhmiú na dteophointí, lena n-áirítear tríd an gcumas glactha is gá a chur i bhfearas le go bhféadfaidh siad a gcuspóirí a chur i gcrích; teacht ar chomhaontú gan mhoill le go bhféadfar féilire cruinn a leagan amach; a áirithiú go mbeidh an saineolas agus an trealamh is gá ar fáil do Frontex agus do EASO;

   c) a áirithiú go ndéanfar sainaithint, clárú agus méarlorgaireacht ar bhonn córasach, críochnúil, agus go ndéanfar bearta chun dul i ngleic leis an gcás go ndiúltaíonn daoine clárú agus chun na sreabha tánaisteacha neamhrialta a shrianadh;

   d) cinntí maidir le hathlonnú a chur chun feidhme agus féachaint an bhféadfadh Ballstáit eile atá go mór faoi bhrú tairbhiú freisin de na cinntí a glacadh go dtí seo, sa chás go n-iarrfaidís sin;

   e) bearta nithiúla a dhéanamh le cur ar ais agus athligean isteach iarbhír na ndaoine sin nach n-údaraítear dóibh fanacht a áirithiú agus tacú leis na Ballstáit i ndáil le hoibríochtaí cur ar ais;

   f) bearta a threisiú chun dul i ngleic leis an smuigleáil agus leis an ngáinneáil ar dhaoine;

g) a áirithiú go gcuirfear na nithe seo a leanas chun feidhme agus go ndéanfar an obair leantach oibríochtúil a bhaineann leo:

- an Chomhdháil Ardleibhéil maidir le bealach na Meánmhara Thoir agus na mBalcán Thiar; sa chomhthéacs seo, tá sé tábhachtach go dtabharfaí tacaíocht do Stáit ar bhealach na mBalcán Thiar, nach Ballstáit de chuid an Aontais iad, chun go mbeidh siad in ann an clárú a dhéanamh de réir chaighdeáin an Aontais Eorpaigh;
- Cruinniú Mullaigh Vaileite, go mór mór maidir le filleadh agus cur ar ais, agus maidir le hathligean isteach, agus
- an Ráiteas ón Aontas Eorpach agus ón Tuirc an 29 Samhain 2015 agus an Plean Gníomhaíochta idir an tAontas agus an Tuirc; sa chomhthéacs sin, iarrtar ar COREPER a chuid oibre maidir leis an mbealach ina gcuirfear EUR 3 billiún ar fáil do Shaoráid na Tuirce do Dhídeanaithe a thabhairt chun críche go gasta;

h) leanúint den scéim athshocraithe a comhaontaíodh a chur chun feidhme;

i) súil ghéar a choinneáil ar na sreabha ar feadh na mbealaí imirce ionas go mbeifear in ann gníomhú go gasta má thagann athrú ar chúrsaí.

2. Ba cheart don Chomhairle leanúint leis an obair ar an sásra don athlonnaíocht éigeandála, agus an taithí a fuarthas á cur san áireamh, agus cinneadh a dhéanamh go gasta faoina seasamh maidir leis an liosta de thíortha sábháilte tionscnaimh. Iarrtar ar an gComhairle an cás maidir leis an Afganastáin a scrúdú go mear. Ba cheart do Chomhairle scrúdú gasta a dhéanamh ar na tograí ón gCoimisiún dar dáta an 15 Nollaig maidir le Garda Cósta agus Teorann Eorpach, Cód Teorainneacha Schengen, scéim dheonach dhaonnúil don ligean isteach, agus doiciméid taistil do dhaoine a bheidh ag filleadh nó a chuirfear ar ais. Ba cheart don Chomhairle a seasamh maidir leis an nGarda Cósta agus Teorann Eorpach a ghlacadh faoi Uachtaránacht na hÍsiltíre. Cuirfidh an Coimisiún an t-athbhreithniú ar chóras Bhaile Átha Cliath i láthair go pras; idir an dá linn ní mór na rialacha atá ann faoi láthair a chur chun feidhme. Tíolacfaidh sé togra athbhreithnithe maidir le teorainneacha cliste go luath freisin.

3. Tabharfaidh an Uachtaránacht, an Coimisiún agus an tArdionadaí tuarascáil ar an dul chun cinn sula mbeidh an cruinniú den Chomhairle Eorpach ann i mí Feabhra.

## II. AN COMHRAC IN AGHAIDH NA SCEIMHLITHEOIREACHTA

4. Na hionsaithe sceimhlitheoireachta a rinneadh ar an 13 Samhain 2015 i bPáras, ní dhearna siad ach ár dtoil a neartú arís eile chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac as cos i dtaca, agus teacht i dtír ar na huirlisí ar fad atá ar fáil dúinn, lena n-áirítear oibriú i ndlúthchomhar lenár bpríomh-chomhpháirtithe, amhail na Stáit Aontaithe. Na bearta a leagtar amach sa ráiteas ó Cheannairí Stáit nó Rialtais an 12 Feabhra 2015, lena n-áirítear na bearta a sonraíodh sna Conclúidí a d'eisigh an Chomhairle ar an 20 Samhain 2015, is gá iad a chur chun feidhme ar bhonn práinneach. Déanfaidh an Chomhairle Eorpach athbhreithniú rialta ar chúrsaí.

5. Léirigh na hionsaithe sceimhlitheoireachta is déanaí an phráinn a bhaineann le comhroinnt na faisnéise ábhartha a fheabhsú, maidir leis an méid seo a leanas ach go háirithe:

   a) a áirithiú go ndéanfar na sonraí i leith trodaithe eachtracha ar sceimhlitheoirí iad a chur isteach go córasach i gCóras Faisnéise Schengen II;

   b) a áirithiú go roinnfear go córasach na sonraí maidir le taifead coiriúil na ndaoine a bhfuil baint acu leis an sceimhlitheoireacht (agus leis an gcoireacht thromchúiseach agus leis an gcoireacht eagraithe), agus go sínfear an Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla (CFETC) chuig náisiúnaigh tríú tír;

   c) idir-inoibritheacht na mbunachar sonraí ábhartha maidir le seiceálacha slándála a áirithiú;

   d) an malartú faisnéise idir údaráis frithsceimhlitheoireachta na mBallstát a fheabhsú, chun tacú le hobair Lárionad nua Frithsceimhlitheoireachta Europol, agus

   e) cur le rannpháirtíocht na mBallstát i ndáil le bunachair sonraí Europol, agus foráil a dhéanamh go mbeidh rochtain ag Europol agus Frontex ar na bunachair sonraí is ábhartha.

6. Leis an gcomhaontú idir na comhreachtóirí maidir leis an togra le haghaidh Treoir maidir le sonraí taifid ainmneacha paisinéirí (PNR) a úsáid d'fhonn cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, réitítear an bealach chun an treoir a ghlacadh agus a chur chun feidhme go pras, rud a thabharfaidh an comhrac i gcoinne na sceimhlitheoireachta céim ríthábhachtach amháin eile chun cinn. Meabhraíonn an Chomhairle Eorpach tiomantas na mBallstát uile PNR a chur i bhfeidhm maidir le heitiltí laistigh den Aontas, agus maidir le hiompróirí nach aeriompróirí iad, amhail gníomhaireachtaí taistil agus tionscnóirí turas.

7. Maidir leis an tiomantas a léirigh na Ceannairí Stáit nó Rialtais i mí Feabhra seo caite i dtaca le comhar níos dlúithe a bhunú idir na seirbhísí slándála, ba cheart é a shaothrú tuilleadh, go háirithe tríd an malartú faisnéise a struchtúrú níos mó ionas gur féidir leis na Ballstáit leasmhara páirt a ghlacadh san anailísiú feabhsaithe comhpháirteach ar bhagairtí oibríochtúla, agus lánurraim á tabhairt do fhreagracht iomlán na mBallstát as an tslándáil náisiúnta.

8. Tá sé bunriachtanach freisin go ndéanfadh na Ballstáit seiceálacha córasacha, comhordaithe a chur chun feidhme ag na teorainneacha seachtracha, lena n-áirítear maidir le daoine aonair a bhfuil ceart saorghluaiseachta acu.

9. Scrúdóidh an Chomhairle na tograí ón gCoimisiún maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac agus maidir le hairm tine, go háirithe airm ardchumhachta leathuathoibríocha. Ba cheart do na Ballstáit an Rialachán maidir le réamhtheachtaithe pléascán a chur chun feidhme go hiomlán.

10. Gníomhóidh an Chomhairle agus an Coimisiún tuilleadh agus go gasta i gcoinne mhaoiniú na sceimhlitheoireachta i ngach réimse a shainaithin an Chomhairle ar an 20 Samhain; maidir le calcadh sócmhainní agus bearta sriantacha eile, ba cheart tús áite a thabhairt do na bearta atá ann chun dul i ngleic le gníomhaíocht a bhaineann le SIIS/Da'esh ar fud an Aontais a neartú agus cur leo, más gá.

11. Treiseoidh an tAontas a rannpháirtíocht i gcúrsaí frithsceimhlitheoireachta go beo lena chomhpháirtithe i dTuaisceart na hAfraice, sa Mheánoirthear, sa Tuirc agus sna Balcáin Thiar.

12. Chun tacú le himscrúduithe coiriúla, leanfar leis an obair maidir le fianaise leictreonach a fháil, go háirithe i gcás imscrúduithe ar an gcoigríoch. Áireofar leis an tacaíocht sin tuilleadh oibre a dhéanamh i gcomhar le hearnáil an idirlín.

13. Beidh an Coimisiún, an tArdionadaí agus Comhordaitheoir Frithsceimhlitheoireachta an Aontais ag faire go géar ar chúrsaí agus cuirfidh siad tuarascáil faoi bhráid na Comhairle.

## III. AN tAONTAS EACNAMAÍOCH AGUS AIRGEADAÍOCHTA

14. Ag eascairt as Tuarascáil an Chúigear Uachtarán maidir leis an Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta a chomhlánú, a d'iarr an Chomhairle Eorpach i mí na Nollag 2014, deimhníonn an Chomhairle Eorpach go bhfuil rún daingean aici oibriú i dtreo an t-aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta a thabhairt chun críche, agus go ndéanfaidh sí amhlaidh agus an margadh inmheánach á urramú go hiomlán, ar bhealach a bheidh oscailte agus trédhearcach. Iarrann sí ar an gComhairle scrúdú pras a dhéanamh, mar obair leantach ar an tuarascáil, ar na tograí a chuir an Coimisiún ar aghaidh. Ba cheart, go háirithe, dul chun cinn mear a dhéanamh i ndáil leis an méid seo a leanas:

    a) rialachas eacnamaíoch agus fioscach a bheidh níos éifeachtaí, chun an t-iomaíochas, an cóineasú agus an inbhuanaitheacht a mhéadú;

    b) ionadaíocht sheachtrach an limistéir euro, chun a fhiúntas i ngeilleagar an domhain a léiriú ar bhealach níos fearr;

    c) an t-aontas baincéireachta, chun cobhsaíocht airgeadais sa limistéar euro a fheabhsú.

    Tabharfaidh an Chomhairle tuairisc, faoi mhí an Mheithimh 2016, ar an dul chun cinn a baineadh amach.

15. Is gá féachaint arís ar ghnéithe dlíthiúla, eacnamaíocha agus polaitiúla na mbeart is fadtéarmaí a leagtar amach sa tuarascáil. Ag eascairt as an obair bhreise a dhéanfaidh an Coimisiún agus an Chomhairle, pléifidh an Chomhairle Eorpach na bearta sin an athuair faoi dheireadh 2017 ar a dhéanaí.

## IV. AN MARGADH INMHEÁNACH

16. Is é an margadh inmheánach an príomh-mhótar atá ag an Eoraip chun an fás a mhéadú agus poist a chruthú agus tá sé fíorthábhachtach ó thaobh na hinfheistíochta agus chun iomaíochas na hEorpa a chur chun cinn. D'fhonn earraíocht iomlán a bhaint as an margadh inmheánach, tá sé bunriachtanach go mbeadh reachtaíocht an mhargaidh inmheánaigh trédhearcach agus simplí, agus go mbeadh sí bunaithe ar na huirlisí is éifeachtúla, amhail an comhchuibhiú agus an t-aitheantas frithpháirteach. Ba cheart freisin í a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus go hiomlán agus í a fhorfheidhmiú i ngníomh, agus í á cur in oiriúint ag an am céanna do na dúshláin atá ag teacht chun cinn agus an t-ualach ar ghníomhaithe eacnamaíocha á íoslaghdú. Sa bhreis ar na tionscnaimh ón gCoimisiún chun an margadh aonair a neartú agus a dhoimhniú, déanann an Chomhairle Eorpach an méid seo a leanas:

    a) iarrann sí meon uaillmhianach i dtaca le cur chun feidhme an treochlár maidir le Straitéis an Mhargaidh Aonair a bhaint amach d'fhonn margadh aonair a bheidh níos doimhne agus níos cothroime a chomhlánú le haghaidh earraí agus seirbhísí i ngach réimse lárnach;

    b) ar mhaithe le leas na dtomhaltóirí agus lucht tionscail araon, iarrann sí ar institiúidí an Aontais cur chun feidhme Straitéis an Mhargaidh Aonair Dhigitigh a luathú; is díol sásaimh di an comhaontú ar ar thángthas maidir leis an bPacáiste maidir le Cosaint Sonraí mar chéim mhór chun tosaigh;

    c) i ndáil leis an bPlean Gníomhaíochta maidir le hAontas na Margaí Caipitil, iarrann sí ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle teacht ar chomhaontú gasta maidir leis na luathgníomhaíochtaí a dhéanfar, lena n-áirítear urrúsú.

17. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá sé go dtabharfaí an chaibidlíocht maidir leis an gComhpháirtíocht Thrasatlantach Trádála agus Infheistíochta (TTIP) chun críche ar bhealach rathúil. Tathantaíonn sí ar na páirtithe uile a seacht ndícheall a dhéanamh chun go dtiocfar ar chomhaontú uaillmhianach, cuimsitheach, a dhéanfaidh tairbhe do chách, a luaithe is féidir, chun go mbainfear an leas is fearr is féidir as acmhainneacht an gheilleagair thrasatlantaigh.

## V. AONTAS FUINNIMH A mBEIDH BEARTAS FADBHREATHNAITHEACH AERÁIDE AIGE

18. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an toradh stairiúil ar ar thángthas i bPáras, áit ar glacadh an chéad chomhaontú domhanda riamh i ndáil leis an aeráid, atá ceangailteach ó thaobh dlí de agus a bhfuil sé mar aidhm aige an téamh domhanda a choinneáil go maith faoi bhun 2°C agus leanúint leis na hiarrachtaí é a theorannú go 1.5°C. Iarrann sí ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle measúnú a dhéanamh ar na torthaí a bhí ar COP21 faoi mhí an Mhárta 2016, go háirithe i bhfianaise Chreat 2030 i gcomhair beartais aeráide agus fuinnimh agus na chéad chéimeanna eile a ullmhú.

19. Rinne an Chomhairle Eorpach measúnú ar an dul chun cinn a rinneadh maidir leis an aontas fuinnimh a thógáil agus leas á bhaint as beartas aeráide atá réamhbhreathnaitheach ar gach uile shlí. I ndáil leis an méid sin, iarrann sí an méid seo a leanas:

a) go ndéanfaí na tograí reachtacha ábhartha a thíolacadh go pras i gcomhréir leis an treoir a thug sí roimhe seo;

b) go gcuirfí chun feidhme go hiomlán an reachtaíocht maidir le fuinneamh inathnuaite, tíosacht ar fhuinneamh agus bearta eile, amhail feabhas a chur ar na deiseanna infheistíochta, d'fhonn sprioc na bliana 2020 a bhaint amach;

c) go ndéanfaí straitéis chomhtháite maidir le taighde, le nuáil agus le hiomaíochas a ullmhú;

d) go ndéanfaí tionscadail leasa choitinn a chur chun feidhme go mear agus an úsáid is fearr is féidir a bhaint as an mbonneagar ar mhaithe le margadh a bheidh iomlán feidhmiúil agus idirnasctha agus ar mhaithe leis an tslándáil fuinnimh. Aon bhonneagar nua a bheadh ann, ba cheart dó a bheith i gcomhréir, go huile agus go hiomlán, leis an Tríú Pacáiste Fuinnimh, le haon reachtaíocht infheidhme eile de chuid an Aontais, agus le cuspóirí an aontais fuinnimh.

## VI. <u>AN RÍOCHT AONTAITHE</u>

20. Phléigh an Chomhairle Eorpach pleananna na Ríochta Aontaithe maidir le reifreann (istigh/amuigh) ar bhonn polaitiúil. Tar éis na díospóireachta tábhachtaí agus cuidithí a bhí acu inniu, chomhaontaigh comhaltaí na Comhairle Eorpaí oibriú go dlúth lena chéile chun teacht ar réitigh a shásóidh gach páirtí i ngach ceann de na ceithre réimse ag an gcruinniú den Chomhairle Eorpach an 18-19 Feabhra 2016.

## VII. <u>CAIDREAMH SEACHTRACH</u>

21. Cuireann an Chomhairle Eorpach in iúl go dtacaíonn sí go hiomlán leis an iarracht atá á déanamh ag an nGrúpa Idirnáisiúnta Tacaíochta don tSiria deireadh a chur leis an gcoinbhleacht sa tSiria trí phróiseas polaitiúil, i gcomhréir le Communiqué na Ginéive 2012, agus go dtacaíonn sí freisin leis an iarracht atá á déanamh ag an gComhghuaillíocht Dhomhanda an bhagairt dhomhanda ó SIIS/Da'esh a shárú. Ní féidir síochán mharthanach a chur i réim sa tSiria faoin réimeas reatha. Tá rún daingean ag an Aontas leanúint de pháirt ghníomhach a ghlacach sa Ghrúpa Idirnáisiúnta Tacaíochta don tSiria agus sa Chomhghuaillíocht Dhomhanda i gcoinne SIIS/Da'esh. Tá an Chomhairle Eorpach ag tnúth leis an gComhdháil maidir leis an tSiria, a dhéanfaidh an Ghearmáin, an Iorua, Cúait, an Ríocht Aontaithe agus na Náisiúin Aontaithe a chomh-óstáil an 4 Feabhra 2016.

22. Maidir leis an gcuspóir 1 billiún euro breise a chur ar fáil d'Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe, don Chlár Domhanda Bia agus do ghníomhaireachtaí eile chun freagairt do riachtanais phráinneacha na ndídeanaithe sa réigiún, tugann an Chomhairle Eorpach dá haire gur sáraíodh an cuspóir sin agus go mbeidh sí aireach ar riachtanais thíortha an réigiúin i gcónaí.

23. Is díol sásaimh don Aontas Eorpach gur síníodh comhaontú polaitiúil maidir leis an Libia in Skhirat mar chéim thábhachtach chun cinn agus tá sé réidh chun tacú le Rialtas an Chomhaontaithe Náisiúnta a luaithe a bhunófar é. Áitíonn sé ar na comhpháirtithe uile nach bhfuil baint acu leis an bpróiseas seo fós rannpháirtíocht a léiriú.